CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 328 an 21 Nollaig 2018)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eagrán Speisialta Gaeilge an 21 Nollaig 2018)

Ar leathanach 132, Airteagal 29(7), pointe (a):

in ionad: "(a) tá tír tionscnaimh na bithmhaise foraoise nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta tionscnaimh na bithmhaise foraoise ag comhlíonadh an méid seo a leanas:

(i) tá sí ina Páirtí i gcomhaontú Pháras;

(ii) tá rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) curtha faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) aici, ina gcuimsítear astaíochtaí agus aistrithe ó earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus ón talamhúsáid, lena n-áirithítear go n-áirítear athruithe sa stoc carbóin a ghabhann le baint bithmhaise ina gcuid de thiomantas na tíre maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a theorannú de réir mar a shonraítear sa NDC, sin; nó

(iii) tá dlíthe náisiúnta nó fonáisiúnta i bhfeidhm aici, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhaontú Pháras, ar dlíthe iad is infheidhme i réimse na bainte, ar mhaithe le stoic charbóin agus linnte carbóin a chaomhnú agus a fheabhsú, ina soláthraítear fianaise nach mó na hastaíochtaí tuairiscithe in earnáil LULUCF ná na haistrithe;",

léitear: "(a) tá tír tionscnaimh na bithmhaise foraoise nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta tionscnaimh na bithmhaise foraoise ina Páirtí i gComhaontú Pháras agus:

(i) tá rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) curtha faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) aici, ina gcuimsítear astaíochtaí agus aistrithe ó earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus ón talamhúsáid, lena n-áirithítear go n-áirítear athruithe sa stoc carbóin a ghabhann le baint bithmhaise ina gcuid de thiomantas na tíre maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a theorannú de réir mar a shonraítear sa NDC; nó

(ii) tá dlíthe náisiúnta nó fonáisiúnta i bhfeidhm aici, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhaontú Pháras, ar dlíthe iad is infheidhme i réimse na bainte, ar mhaithe le stoic charbóin agus linnte carbóin a chaomhnú agus a fheabhsú, agus soláthraíonn sí fianaise nach mó na hastaíochtaí tuairiscithe in earnáil LULUCF ná na haistrithe;".

Ar leathanach 135, Airteagal 30(5), an dara fomhír:

in ionad: "(…) a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999.",

léitear: "(…) a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999.".

Ar leathanach 142, Iarscríbhinn II, an chéad mhír, an fhoirmle:

in ionad: "($Q_{N(norm)}$)(C_N[(/(i)(N 14))(Q_i C_i)] 15)",

léitear: "$Q_{N(norm)} = C_N \times \left[\sum_{i=N-14}^{N} \frac{Q_i}{C_i}\right]/15$".

Ar leathanach 142, Iarscríbhinn II, an dara mír, an fhoirmle:

in ionad: "($Q_{N(norm)}$)((C_N $C_{N\ 1}$2)((/(i)(Nn))Q_i (/(j)(Nn))(C_j $C_{j\ 1}$2)))",

léitear: "$Q_{N(norm)} = \frac{C_N + C_{N-1}}{2} \times \frac{\sum_{i=N-n}^{N} Q_i}{\sum_{j=N-n}^{N} \frac{C_j + C_{j-1}}{2}}$".

Ar leathanach 142, Iarscríbhinn II, an tríú mír, an fhoirmle:

in ionad: "($Q_{N(norm)}$)((C_N $C_{N\ 1}$2)((/(i)(Nn))Q_i (/(j)(Nn))(C_j $C_{j\ 1}$2)))"

léitear: "$Q_{N(norm)} = \frac{C_N + C_{N-1}}{2} \times \frac{\sum_{i=N-n}^{N} Q_i}{\sum_{j=N-n}^{N} \frac{C_j + C_{j-1}}{2}}$".

Ar leathanach 148, Iarscríbhinn V, Cuid (A), an seachtú hiontráil ar an leathanach sin:

in ionad:

"bithdhíosal ola pailme (linn oscailte d'eisilteach)	32 %	19 %",

léitear:

"bithdhíosal ola pailme (linn oscailte d'eisilteach)	33 %	20 %".

Ar leathanach 149, Iarscríbhinn V, Cuid (B), an dara, an ceathrú, an séú agus an t-ochtú hiontráil:

in ionad:

"díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	85 %	85 %
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	85 %	85 %
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	86 %	86 %
meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	86 %	86 %",

léitear:

"díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	83 %	83 %
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	83 %	83 %
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	84 %	84 %
meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	84 %	84 %".

Ar leathanach 156, Iarscríbhinn V, Cuid (D), an 10ú hiontráil agus an 16ú hiontráil ar an leathanach sin:

in ionad:

"bithdhíosal ola pailme	26,2	26,2
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme	27,4	27,4",

léitear:

"bithdhíosal ola pailme	26,0	26,0
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme	27,3	27,3".

Ar leathanach 162, Iarscríbhinn V, Cuid (D), an t-ochtú hiontráil ar an leathanach sin:

in ionad:

"bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	1,7	1,7",

léitear:

"bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	1,6	1,6".

Ar leathanach 166, Iarscríbhinn V, Cuid (D), an ceathrú hiontráil, an cúigiú hiontráil, an seachtú hiontráil, an 11ú hiontráil, an 12ú hiontráil, an 18ú hiontráil agus an 19ú hiontráil ar an leathanach sin:

in ionad:

"bithdhíosal ola pailme (linn oscailte d'eisilteach)	63,5	75,7
bithdhíosal ola pailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	46,3	51,6
bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	15,3	20,8
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	62,2	73,3
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	44,1	48,0
ola glasraí íon ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	56,3	65,4
ola glasraí íon ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	38,4	57,2",

léitear

"bithdhíosal ola pailme (linn oscailte d'eisilteach)	63,3	75,5
bithdhíosal ola pailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	46,1	51,4
bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	15,2	20,7
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	62,1	73,2
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	44,0	47,9
ola glasraí íon ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	56,4	65,5
ola glasraí íon ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	38,5	40,3".

Ar leathanach 167, Iarscríbhinn V, Cuid (E), an chéad tábla ar an leathanach sin, an ceathrú agus an cúigiú hiontráil:

in ionad:

“peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	8,2	8,2
peitreal Fischer-Tropsch déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	12,4	12,4”,

léitear:

“peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	3,3	3,3
peitreal Fischer-Tropsch déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	8,2	8,2”.

Ar leathanach 169, Iarscríbhinn V, Cuid (E), an dara tábla ar an leathanach sin, an dara hiontráil, an ceathrú hiontráil, an séú hiontráil agus an t-ochtú hiontráil:

in ionad:

“díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	10,3	10,3
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	10,3	10,3
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	10,4	10,4
meatanól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	10,4	10,4”,

léitear:

“díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	12,2	12,2
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	12,2	12,2
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	12,1	12,1
meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	12,1	12,1”.

Ar leathanach 171, Iarscríbhinn V, Cuid (E), an dara tábla ar an leathanach sin, an dara hiontráil, an ceathrú hiontráil, an séú hiontráil agus an t-ochtú hiontráil:

in ionad:

“díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	13,7	13,7
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	13,7	13,7
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	13,5	13,5
meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	13,5	13,5”,

léitear:

"díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	15,6	15,6
peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	15,6	15,6
éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	15,2	15,2
meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	15,2	15,2".

Ar leathanach 180, Iarscríbhinn VI, Cuid (B)(1), pointe (b), an chéad fhoirmle:

in ionad: "$E = \sum_{1}^{n} \cdot E_n$",

léitear: "$E = \sum_{1}^{n} S_n \cdot E_n$".

Ar leathanach 180, Iarscríbhinn VI, Cuid (B)(1), pointe (b), an dara foirmle:

in ionad: "$S_n = \frac{P_n \cdot W_n}{\sum_{1}^{n} \cdot W_n}$",

léitear: "$S_n = \frac{P_n \cdot W_n}{\sum_{1}^{n} P_n \cdot W_n}$".

Ar leathanach 186, Iarscríbhinn VI, Cuid (B)(18), an dara fomhír:

in ionad: "I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. (…)",

léitear: "I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge san áireamh chun críocha an ríofa sin. (…)".